POLAITÍOĊT

RÚN BLIANA ÚIRE DO ṠÉAMUS Ó DIOLÚIN

SEO SÉASÚR NA RÚN, AGUS CLUINIM AR AN ĊLUAIS IS BOIḊRE AGAM. GO ḃFUIL RÚN NA BLIANA ÚIRE, DÉANTA AG SÉAMUS Ó DIOLÚIN, AGUS SÉ AN RÚN É:—

"Caiṫfimíd an corrṫoġċán i gCorcaí a ḃaint, agus léireóiḋ sé sin do ċuile ḋuine gur Fine Gael an páirtí nua—páirtí atá ag teaċt ċun cinn san am atá ag teaċt."

Tá rún na bliana úire déanta ag Breandán Mac Feorais ċom maiṫ, agus sé an rún é:—

"Caiṫfimíd an corrṫoġċán i gCorcaiġ a ḃaint, agus a léiriú don ṗobal gurb é an Ṗáirtí Oibreaċais an páirtí is gníomaí agus is mó dul ċun cinn san Ḟreasúra, agus gurb iad a ḃéas mar príoṁ-Ḟreasúra san am atá le teaċt."

Tá rún na bliana úire déanta ag Seán Lemass ċom maiṫ —agus sé an rún é—

"Caiṫfimíd an corrṫoġċán i gCorcaí a ḃaint, le taispeáint don saol Fódla naċ ḃfuil Fianna Fáil ag cailleaḋ greim ar ḃótóirí na tuaiṫe."

Cé acu a ċoiméadfas an rún? Ḃail ,ní agam-sa atá sé sin le rá, agus déanta na fírinne, ní dóiġ gur ag na Páirtiṫe féin atá le rá aċ oiread.

Aċ, dá mbeinn-se ag cur cogar i gcluais Ṡéamuis Uí Ḋiolúin, ḃéarfainn ábar rúin eile dó, do bliain nua 1965; sé an ċogar i gcluais a béarfainn don Uasal Ó Diolúin, Ceann an Ḟreasúra agus ceann an Rialtais san am le teaċt, de réir a ṁian féin, nó seo:— Tá pobal na hÉireann ag musclú suas; tá siad fásta suas mar poiliticóirí. agus tá aimsir na dTeaċtaí neaṁspleáċ imiṫe, nó ag imeaċt. Tuigeann an pobal gur gá Páirtí ċun rialú a ḋéanaṁ, agus polasaí a ċeapaḋ. Ṫuig an Páirtí Oibreaċais é sin, nuair a ṫarraing siad isteaċ ċucu féin, duine agus duine, gaċ duine dá raiḃ comḃaiḋ ar biṫ acu leo, agus corr-ḋuine naċ raiḃ mórán. Ṫarraing siad ċucu féin Seán Ó Duinn, a scar uata; ṫarraing siad ċucu féin Mac Cuilinn, naċ raiḃ ariaṁ ró ḃáiḋiúl leo; ṫarraing siad ċucu féin an Dr. de Brúin, nár ṁiste, b'ḟéidir le cuid acu go mbeaḋ sé ina bPáirtí ċor ar biṫ, agus ṫug siad le taispeáint don ṗobal go raiḃ an Páirtí Oibreaċais ag tarraingt tuilleaḋ daoine ar a dtaoḃ féin; go raiḃ a gcuid smaointe ag leaṫnú; go raiḃ dul ċun cinn ionnta.

Tá an liaṫróid céanna faoi réir anois ag Fine Gael, aċ iad a ḃeiṫ ullaṁ leis an liaṫróid a ḃualaḋ.

Ṫug siad an ċéad spleaċ in Oirṫear na Gaillimhe, nó roiṁ an gcorrṫoġċán in oirṫear na Gaillimhe, nuair a ṫarraing siad ċucu féin, Seán Ó Doṁnallán, ⁊ ní hé mar Ṡeán Ó Doṁnallán aṁáin ,aċ mar ionadaí agus mac ḃunaiṫeora Ċlann na Talún. Aċ cad ċuige go ligfeaḋ siad a gcuid maidí le sruṫ, ina ḋiaiḋ sin, tá tuilleaḋ le ḋéanaṁ. Príoṁ-ġnó Ḟine Gael i 1965, ⁊ príoṁ ábar rúin do Ṡéamas Ó Diolúin, i lár na bliana úire seo nó dul amaċ ċuige, an t-Uasal Blaḃaic, a ṫarraingt isteaċ go Fine Gael, agus eagras iomlán Ċlann na Talún a ṫarraingt agus a ċoṁ-ḋlúṫú le Fine Gael. Aċ, ní leor é sin, caiṫfiḋ sé dul síos go Ciarraí mar a ḃfuil faitíos an ṁór ar Teaċta neaṁspléaċ ansin, roiṁ Ḃean Uasal a cuireaḋ isteaċ go h-an tapaí ar fad sa tSeanad, le deireannas, agus a ḃéas, de réir dealraiṁ ag dul ós coṁair an ṗobail in 1966, ⁊ má ġeiḃeann sise suíoċán, caiṫfiḋ duine éigin é a ċailleaḋ, ⁊ deirtear naċ é Spring, a ċaillfeas, aċ an feirmeoir neaṁspleaċ.

Anois, tá dornán beag ḃótaí, ana ḃeag ceart go leor, aċ ana ṫáḃaċtaċ, ag Fine Gael, insan ċeanaar seo, agus tá eagras acu agus tá airgead ar a gcúl; tá ábar cainte agus ábar beartaíoċta acu leis an Uasal Ó Fionúcáin, agus ní ḃeaḋ sé deacair fear cainte ḟáil le dul ċun cainte leis, b'ḟéidir Seán Ó Doṁnallán, b'ḟéidir Ḃean Uí Uigín, nó b'ḟéidir duine de na Ceannairí. Tá ábar margaríoċta ann, agus dá luaiṫe a ḃuailfiḋ Fine Gael an buille, sé is fearr.

Ní i Muiġeo aṁáin, agus i gCiarraí, a ṫarraingeós Fine Gael táḃaċt as an gníoṁ seo, beiḋ beagán nó mórán de ḃótaí feilméaraí agus luċt na tuaiṫe ar fud an Iarṫar, ag tarraingt ċucu dá ḃárr, má ḟeiceann siad go ḃfuil an dul ċun cinn seo ionnta.

Anois, a Ṁic Uí Ḋiolúin, sin ábar rún duit do 1965.

FEARFEASA.

I.S. Rún eile bliana úire an tseaċtain seo ċugainn.

TÁIĠDE IASCAIREAĊTA

Ag freagairt ceiste ó Pádraig Ó Doṁnaill, T.D., dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., Rúnaí Pairliminte don Aire Tailte, naċ ndeaċa an Cú Feasa, long taiġde Rannóg na hIascaireaċta go h-uiscí Ḋún na nGall le 12 míosa anuas.

P. Ó Doṁnaill — Goidé mar ṫig leo insint do na hiascairí go ḃfuil iasc in áit éigin, muna dtugann an long cuairt ar an ċeantar?

Seoirse Ó Colla — Ṫug an Cú Feasa cuairt ar an ċeantar roiṁe, agus ní ḃfuair siad an t-iasc, adúirt an Teaċta a ḃí ansin.

P. Ó Doṁnaill — Cionnus go dtáinig an Cú Feasa ar ċúrsa sa tsaṁraḋ, nuair naċ raiḃ an t-iasc sin insan ċeantar. Má tá an Rúnaí Pairliminte ag caint faoi Matje scadán, tig leis a ġlacaḋ uaim gur ċuartaiġ an báḋ, aċ nár ċuartaiġ siad san áit ċeart.

AG BRÉAṪNÚ SIAR

DÓNALL MAC AṀLAIḂ

Ba é díol an diaḃail é ag an ceaṫar a ċlog tráṫnóna nuair a b'éigean dom mo ċulaiṫ Ḋoṁnaiġ a ċaiṫeaṁ ḋíom agus mo ṡean ḃailcisí oibre a ċur orm féin le ḋul amaċ ag obair go Castlethorpe ṫíos i mBucinghamshire. Ní raḃ ṫar ceaṫrar ar fad ar iarraiḋ agus ṫosaiġ muid linn, lán a' dá leorraí, is muid lag-misniúil go leor. Nuair a ṡroiċ muid an áit amuiċ ċasaḋ an day-shift ḋúinn (buíon Durcan) is iad ṫéis a lá oibre a ḋéanaṁ. Ḃí 'ċuile mac máṫair ḋíoḃ agus éadan bán air ag déannaċ na gcloċ; agus ḃí cuma tuirseaċ, traoċta ar a ḃfurmór. Ba ċeart go mbeuḋ, muis, mar ḃíodar amuiċ ón cúig a ċlog ar maidin agus ní h-aṁáin go raḃ aċ ḃí an ċuid is mo den obair déanta acu sa gcaoi is nár ċall dúinne muid ḟéin a ṁasla ró-ṁór an oíċe sin. Is fear é Durcan a ḃainfeas obair asta, muis, dá ndeón nó dá n-ainneóin. Líne fada píopaí a ḃí leagṫa acu, an tsean ráille tugṫa suas acu agus an "leada" ċloċa ċurṫa síos faoi ċoinne na ráillí nua—ba éaċtaċ an lá oibre é sin agus ṡaoṫraiġ siad a bpáí dúḃalta, na diaḃail boċta.

"Tá an dearg-áḋ ort a Ḋónaill na míol," arsa Máirtín Bárb liom féin, "ḃí tú sa mbaile seaċtain san oíċe anoċt nuair naċ ḃfuil tada le déanaṁ."

"Ó, muise, ná bí ina ḋiaiḋ orm a ḋrioṫáir," arsa mise leis "mar tá's a'm go mbainfiḋ tú asam fos í."

"M'anam go ḃféadfaiḋ tú ḃeiṫ cinnte ḋó sin," ar seisean, 'sé ag gáire; aċ ḃí mise ag gealllúint ḋom féin, ós íseal, naċ ndéinfinn a ḃaṫ ṫar mar a ṫeastaiġ uaim a ḋéanaṁ, ḋó sin ná do éinne eile. Níl aon ċaill air Ṁáirtín muis, agus dá mbéidís uiliġ mar é ba ṁaiṫ an scéal againn é. Aċ tá cuid acu seo a ḃíonns ag gáire leis agus ag iarraiḋ a ḃeiṫ mór leis agus ṁillfidís ganger ar biṫ. Ní ḟeicim cé'n fáṫ a gcaiṫfeaḋ fear ar biṫ ar na saolta seo ḃeiṫ ag lúatáil ar ḋuine ar biṫ d'ḟonn a ṗost a ċoinneáil, agus ní ḋéanfaiḋ mise é.

Ṫosaiġ lead nua annseo anoċt—ba ḃuaċaill siopa a ḃí ann sa mbaile—aċ más eaḋ féin ní droċ lad oibre ar biṫ é agus ċuaiġ sé ag scaraḋ ċloċa go fonnṁar in éinḋiġ leis an gcuid eile againn. Aċ tá mé ag ceapaḋ go raḃ cleaċta ṁaiṫ aiġe ar ḃeiṫ ag iompar ṁeáċana móra sa tsiopa sin agus d'ḟága sé sin breá ċruaí é.

Le "crane" mór a leagaḋ na ráillí—ḃíodar ina "prefabricated sections" — agus ċuaiġ dream aṁáin dá ḋiriú le gróiṫe. Ċuaiġ dream eile ag daingniú na "fish-plates" agus fágaḋ muide ag sluaisdeáil na ċloċa isteaċ faoi na trasnáin. Ag ól an tae ḋúinn annsin ṫart faoin ṁeáin oíċe d'áiriġ muid an t-inneall seo a ḋul aníos ṫarṫainn faoi luas mór agus annsin ċuala muid torann uafásaċ a ḃí lán có h-árd le plimp ṫoirní.

"Dár Dia tá sé ṫéis buaileaḋ in aġaiḋ rud éicint!" arsa Tomás Conabuí.

"Baoil air," arsa Máirtín, aċ ċuaiġ muid amaċ agus suas an líne mar sin féin le go ḃfeicfeaḋ muid. B'ḟíor do Ṫomás é. Ḃí an t-inneall in ḋiaiḋ bualaḋ leis na ḃaigíní a ḃí 'na seasaṁ ar an líne ba ċongaraí don áit a raḃ muide ag obair agus b'uafásaċ go deo an bail a ḃí ar na ḃaigíní céanna. Ḃí ḃaigín an ġárda ar an gceann ba ṁeasa ḋíoḃ —an t-aḋmad scoilte, briste, réabṫa, agus an t-iarrain lúbṫa mar a lúbṫa píosa de ṡreang copair. Aċ ṫar iontaisí an doṁain, an garda a ḃí istiġ ann, ní raḃ mórán ar biṫ air, aċ é craiṫte agus cúpla gearraḋ beag ar a éadan; ní ḃeaċa a ḃaṫ riaṁ ar an dtiománai ná a ṁáta, ná níor baineaḋ tuisle asta, cé gur briseaḋ ḋá eadargáin tosaiġ an inill. Aċ na ḃaigíní eile sin! Ḃí trí ċinn acu ós cionn a ċéile mar a leagfá trí ḃríce ceann ar ċeann agus ḃí peire eile ar an gcaoi céaḋna. Ḃíodar lúbṫa, tollta, bascaiṫe agus ḃí píosaí aḋmaid agus gambaí móra ċruaí ċaiṫte muirc-mairc ar a ċéile ar fuaid na h-áiṫe; agus ċuireaḋ ding i gceann de na ráillí ṫall ar an eadargáin d'as. Ṫéis ḋí an ráillí a ḃuaileaḋ is ċosúil go ndeaċa sí go spéir mar sé'n áit a dtáinic sí go dtalaṁ ná amuiċ i lár páirce, tuairim is céad slat ó láṫair na timpiste. Ḃí orṫainn an "Jim Crow" a oibriú ar an ráille dingṫe le í ḋíriú agus, annsin, cé go raḃ an ċuid ba ṁó den obair déanta againn, ċoinníoḋ ann go maidin muid ar ḟaitcíos go dteastóḋ aon ċongnaṁ ó ḟuireann an "break-down" nuair a ṫiocfaidís ann.

Ní raḃ ag déanaṁ imrí don gárda boċt a ḃí istiġ sa ḃaigín a buaileaḋ aċ cá ndeaċa a ċaipín uaiḋ. Ḃéidir, nuair a ṫiocfas sé ċuige féin ar ball go mbeiḋ sé níos measa aċ tá súil agam naċ mbeiḋ. Is dóiliġ a rá céard a ḃain do ṫiománaí na traenaċ sin nó is ag teaċt arais faoi ċoinne a ḃaigíní féin a ḃí sé ṫéis do ḃeiṫ ag tóigeáil uisce cúpla míle siar as sin. Is maiṫ an scéal naċ paisnéirí a ḃí ḋá dtarraingt in a ḋiaiḋ aige, nó níl fios cé'n scrios a ḃéuḋ déanta.

Ḃí sé an seaċt a ċlog ar maidin sul a scaoileaḋ 'un bealaċ muid agus ḃí muid sáċ tráiṫe de ḃárr na h-oíċe. Nuair a ṡroiċ mé an teaċ, ḃí sí féin ina sui róm, teine mór millteaċ lasta aici agus mo ḃrisfeasta dá n-ullṁú sa gcisteann. Ċodail mé go dtí an h-aon agus d'éiriġ mé le ḋul amaċ ag obair annsin, mar ár ndó ní ḋéanfaḋ sé cúis gan a ḃul agus pái an lae go h-iomlán ḃeiṫ dá ḃfuil ar an leaṫ lae seo againn.

Go Milton a ċuaiġ muid, áit a raḃ muid Dia Saṫarn, agus ó ḃí mála liom an géaḃ seo ċuaiġ mé ag bailiú ṡuas na liaṫróidí ċailme úḋan a ḃí scáipṫe ṫart faoi na ráillí. Ṫug mé liom iad in am tae agus leag mé isteaċ i leorraí Ṁáirtín iad le go ḃféadfainn iad a ṫúirt abaile. Aċ cé d'ḟeicfinn ag faire amaċ as a ḃosca orm aċ ag an signalman agus ḃraiṫ mé ar ċuma éicínt go raḃas sáiniṫe aige. Ċuaiġ mé arais ag obair agus lán mo ṡáiṫ imrí orm mar tá siad ṫar a ḃeiṫ ġéar ar ġaduíoċt ar an mbóṫar iarainn agus d'ḟágfaḋ siad na liaṫróidí sin ag loḃaḋ idir na línte níos túisce ná mar a ṫiúrfeaḋ siad cead do éinne iad a ṫóigeáil. Ní ḋóifidís féin iad, fiú agus tá na mílte acu ċaiṫte sa ḃféar ag bun na mbruaċ áit naċ dtóigfear go deo iad. Ní ḃeinn imríoċ cor ar biṫ meireaċ an fear a ḃí ann — an signalman—mar tá androċ ċáil air mar spíadóir agus deir siad gur scríoḃ sé leitir sa "Mirror" nuair a ḃí an stailc ḋá ḃagairt annsin le goirid, a rá naċ ngaḃfaḋ sé ar stailc mar gur ṁeas sé go mba leor ḋó an pái a ḃí ḋá ḃfáil aige. Ċoinniġ mé liom ag obair aċ ar ċuma éicint níor ḟéad mé an imrí a ruaigeaḋ agus, cinnte go leor, céard d'ḟeicfinn ċugam aníos an bóṫar gan mórán aċair aċ ceann de na 'ḃanannaí' glasa sin. Stop sí i ngar don dá leorraí sin againn féin agus b'ṡiúd amaċ aistí an dá ḃuc seo agus d'aiṫneóḋ dall orṫu go mba póilíní a ḃí ionnta cé naċ mar sin a ḃíodar feistí. Ṫosuíodar ag breaṫnú suas i mo ṫreo-sa 'siad ag caint le ċéile go stuama, agus ag sméideaḋ ar a ċéile.

"Ó, a Ṫiarna, tá mé gafa anois," adeirimse. Níor ṁiste liom faoin obair a ċailleaḋ, mar go mb'urasta ceann eile fáil, aċ an náire a ḃainfeaḋ le ḃeiṫ cúisiṫe faoi ġaduíoċt — ba ṡin é a ḃí de mo ṁarú uiliġ. D'ḟan mé mar sin ar fea cúpla noiméad agus níor ḟéad mé é ṡeasaṫ a ṫuille annsin.

"Óra bíoḋ an diaḃal aca," adeirimse, "gaḃfaiḋ mé síos ċúca agus déarfaiḋ mé leo gan a ḃeiṫ de mo ċrá mar seo a tuille agus 'spáinfiḋ mé an mála ċailme ḋóiḃ. Féadfaiḋ siad a roġa a ḋéanaṁ faoi—mé ṫóigeáil más maiṫ leo—rud ar biṫ aċ gan a ḃeiṫ de mo ġríogaḋ mar seo."

Ṫosaiġ mé liom agus ní raḃ neart tráiġnín i mo ċosaí. Tuairims' leaṫ-ḃealaiġ síos ċúca sea ḃí mé nuair a ċuir fear aṁáin ḋíoḃ a láṁ ina ṗóca gur ṫarraing sé amaċ míosúir, go ndeaċa sé ag toṁais leiṫéid an ḃóṫair san áit sin. Ṡuí mé ar ṫorṫóigín féir agus ní raḃ sé de neart ionnam a éirí as go ceann scaṫaiṁ. Ḃí an t-allas amaċ ar mo ḃaiṫis, ainneóin fuaċt an lae. Ní ḋéarna mé tap oibre as sin nó go raḃ sé in am a ḋul abaile, agus ba ag méadú a ḃí mo ġráin orm féin faoi có ċlaḋarṫa is a ḃí mé.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

SCÉAR NA GAELTAĊTA

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ an tUasal Ó Bearráin, T.D., den Aire Tionscal agus Tráċtála, de ṫairḃe an méid a ḃí ráiṫe san Dára Clár do Ḟorbairt Eacnamaiciúil, faoi deontaisí ins na ceantair neaṁ-forbarṫa, idir 1ú Aibreán, 1959 agus an 31ú Márta, 1964, an ndéarfaiḋ sé de ṫairḃe na Gaeltaċta, cad é an cineál monarcan a bunaíoḋ, cé'n áit ar bunaíoḋ iad, agus an uiṁir oibriṫe a ḃí in gaċ ceann?

D'ḟreagair an tUasal Childers, T.D., ṫar ċeann an Aire Iompair agus Cuṁaċta, gur deineaḋ bunú nó leaṫnú ar **7 tionscail** ins na ceantair Gaeltaċta le caḃair deontaisí faoi Aċt na gCeantair Neaṁ-Forḃarta. Ḃí 3 díoḃa seo i gCo. Ḋún na nGall; 2 i gCo. na Gaillimhe; 1 i gConḋaeṫa Ciarraí agus Muiġeo. Tairgeaḋ cniotála, gréasáin láṁ-ḋéanta, glasraí canaiṫe agus iasc próiséisiṫe a ḃí i gceist ionnta.

Níorḃ é an ġná ċleaċtaḋ, adúirt an t-Aire, a rá cad iad ai uiṁir oibriṫe a ḃí ins na tionscail seo. Ċoṁ maiṫ leis seo adúirt an tAire bunaíoḋ, nó leaṫnaíoḋ uiṁir de ṫionscail eile ins na ceantair Gaeltaċta san tréiṁse i gceist. Ḃí an ċuid is mó acu seo á n-oibriú ag Gaeltarra Éireann.

GAEILGE SAN AIFREANN

"Ós rud é gur léir ón Ráiteas a eisíoḋ le déanaí go mbeiḋ codanna áiriṫe den Aifreann i dteanga an ṗobail an bliain seo ċugainn, éilíonn Conraḋ na Gaeilge ar an gCliarḟlaṫas díriú ar an nGaeilge a ċur in úsáid oiread agus is féidir sna codanna cuí den Aifreann." Ġlac Coiste Gnoṫa leis an rún seo roiṁ Nollag.